



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

## Obair Chúrsa na hArdteistiméireachta

Nóta eolais maidir le ceithre ábhar  
Ardteistiméireachta a bhfuil sonraíochtaí nua  
ag gabháil leo

- Eolaíocht Talmhaíochta – Staidéar Imscrúdaithe Aonair
- Ríomheolaíocht – Tionscadal ar an Obair Chúrsa
- Eacnamaíocht – Tionscadal Taighde an Dalta
- Corpoideachas – Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

Tuairimí chun cuidiú le daltaí agus le múinteoirí i dtaca lena rannpháirtíocht san obair chúrsa i gceithre cinn d'ábhair Ardteistiméireachta a bhfuil sonraíochtaí nua ábhair ag gabháil leo

## Réamhrá

Baineann an doiciméad seo leis na comhpháirteanna seo a leanas den obair chúrsa, ar comhpháirteanna iad go léir atá nua nó a leasaíodh le déanaí mar thoradh ar shonraíocht nua ábhair a thabhairt isteach:

- Eolaíocht Talmhaíochta – Staidéar Imscrúdaithe Aonair
- Ríomheolaíocht – Tionscadal ar an Obair Chúrsa
- Eacnamaíocht – Tionscadal Taighde an Dalta
- Corpoideachas – Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

Tugadh isteach sonraíochtaí nua do Chorroideachas agus do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2018 agus scrúdaíodh den chéad uair iad, cé gur cohórt an-bheag a bhí i gceist, in 2020. I gcás Eolaíocht Talmhaíochta agus Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, tugadh isteach sonraíochtaí nua i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2019 agus scrúdaíodh den chéad uair iad in 2021.

Cuimsíonn gach ceann de na sonraíochtaí sin comhpháirt nó comhpháirteanna oibre cúrsa atá éigeantach mar chuid de na socruithe measúnaithe don ábhar. De bhrí go bhfuil comhpháirt na hoibre cúrsa nua nó gur gné í a bhfuil leasú suntasach déanta uirthi i ngach ceann de na hábhair sin, tá an t-eolas seo a leanas á sholáthar chun cabhrú le daltaí agus le múinteoirí agus iad ag dul i ngleic leis an obair chúrsa sin. Baineann an t-eolas leas as an taithí agus as an léargas a fuair na foirne scrúdaithe agus an Príomh-Scrúdaitheoir i ngach ábhar le linn phróiseas na marcála in 2021. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe ar an bhfianaise phríomhúil atá ar fáil i bhfoirm obair na n-iarrthóirí féin agus tá sé i gceist go gcuirfeadh sé leis na doiciméid tacaíochta eile atá ar fáil.

Ní mór gurb í obair aonair an iarrthóra féin an obair chúrsa a chuirtear i láthair le haghaidh measúnú, ar obair í a cuireadh i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, i gcomhréir iomlán leis na rialacháin agus leis na riachtanais a bhaineann le hobair chúrsa. Tá na coinníollacha a bhaineann le hobair chúrsa a chur i gcrích, glacadh léi agus í a fhíordheimhniú leagtha amach i gciocláin S68/08 agus S69/04 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Tá tuilleadh mionsonraí a bhaineann go sonrach leis an ábhar maidir leis na riachtanais um chríochnú agus fhíordheimhniú tugtha sna coimrí ábhair a eisítear do gach ábhar gach bliain.

Ba cheart an t-eolas a sholáthraítear sa doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na ciorcláin sin agus leis an réimse doiciméad a bhaineann go sonrach leis an ábhar, lena n-áirítear sonraíocht an ábhair, na treoirlínte don obair chúrsa, agus an t-eolas go léir a chuir CSS ar fáil.

- Tá sonraíochtaí an ábhair agus na treoirlínte measúnaithe do gach ábhar ar fáil ag <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/>
- Tá na scrúdpáipéir agus na scéimeanna marcála do gach ábhar ar fáil ag <https://www.examinations.ie/exammaterialarchive/>
- Tá an Choimre Eolais agus doiciméad na dTreoracha d'Iarrthóirí do gach ábhar ar fáil ag <https://www.examinations.ie/?l=en&mc=ex&sc=he> (nuair a eiseofar iad)

## Eolaíocht Talmhaíochta – Staidéar Imscrúdaithe Aonair(IIS)

Mar chuid den tsonraíocht nua, tá ar iarrthóirí comhpháirt oibre cúrsa ar a dtugtar Staidéar Imscrúdaithe Aonair (IIS) a chur i gcrích. Is ionann comhpháirt IIS agus 25% (100 marc) de na marcanna go léir don ábhar sin.

Eisítear an IIS mar choimre eolais ar an obair chúrsa ag an gcomhleibhéal go luath i mbliain 1 den Ardteistiméireacht. Déantar measúnú ar an IIS ar dhá leibhéal (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal), agus is é an scrúdaitheoir céanna a dhéanann scrúdpháipéar deiridh an iarrthóra agus IIS an iarrthóra a mharcáil. Is é an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa deiridh a chinneann an leibhéal ag a ndéantar an IIS a mheas.

Eisíodh an choimre eolais don obair chúrsa chuig iarrthóirí na hArdteistiméireachta i mbliain 1 i mí na Nollag 2019. Is é an téama a bhí sa choimre eolais don obair chúrsa don Ardteistiméireacht in 2021 ná *“Inbhuanaitheacht Talmhaíochta na hÉireann a Fheabhsú”*. Treoraíodh d’iarrthóirí go gcaithfidís a n-imscrúdú aonair féin a dhéanamh agus tagairt do thaighde cúlra ar ábhar a bhain le fiontar talmhaíochta agus an bealach a mbaineann sé le hinbhuanaitheacht. Tugadh breac-chuntas ar struchtúr na tuairisce chomh maith le liosta mionsonraithe den ábhar tásach, na marcanna gaolmhara a bhí le bronnadh do gach roinn san áireamh. Ina theannta sin, rinneadh liosta tagairtí d’fhoinsí iontaofa le haghaidh ábhair maidir le hinbhuanaitheacht mar phointe tosaigh do thaighde an iarrthóra a dhoiciméadú. D’eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leabhrán digiteach in-íoslódáilte don obair chúrsa ag tús Bhliain 2 den Ardteistiméireacht chun an IIS a chur isteach. Tá uaslíon de 2500 focal i bhfeidhm don IIS.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus na srianta a bhain léi, tugadh treoirlínte breise d’iarrthóirí agus do mhúinteoirí i mí Mheán Fómhair 2020 maidir lena n-obair chúrsa IIS a chur i gcrích mar *“Nóta eolais maidir le cur i gcrích an Staidéar Imscrúdaithe Aonair le haghaidh Eolaíochta Talmhaíochta Ardteistiméireachta 2021”*. Bhí cead anois ag iarrthóirí a n-imscrúdú don obair chúrsa a chur i gcrích mar thionscadal grúpa, ach bhí orthu a dtuairisc a scríobh mar obair aonair dá gcuid féin. Bhí cead acu anois freisin sonraí tánaisteacha a úsáid (má bhí gá leo) mar chuid dá n-imscrúdú chun maolú a dhéanamh ar na deacrachtaí a d’fhéadfadh a bheith acu agus an ghné thurgnamhach den obair chúrsa á cur i gcrích acu. Tugadh treoir d’iarrthóirí sa choimre eolais an tuairisc dheiridh a chur faoi bhráid a múinteora ar nó roimh an 16 Aibreán 2021. Cuireadh síneadh go dtí deireadh mhí Aibreáin 2021 leis an achar ama sin.

Beidh na socrúithe speisialta sin don IIS a bhí i bhfeidhm in 2021 i bhfeidhm freisin in 2022. Eisíodh leagan nuashonraithe den *“Nóta Eolais”* thuas ina leith sin agus is féidir é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit ach an nasc seo a leanúint: (<https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EX-66709803.pdf>).

### Roinnt dea-chleachtas a breathnaíodh

Breathnaíodh na dea-chleachtas seo a leanas agus iad á gcleachtadh ar leibhéal mhinicíochta éagsúla san obair chúrsa a chuir iarrthóirí isteach do scrúduithe 2021. Nuair ab ann dóibh, chuidigh siad le hiarrthóirí marcanna maithe a bhaint amach.

- D'úsáid iarrthóirí struchtúr thuairisc an IIS faoi mar a bhí léirithe sa leabhrán digiteach agus bhí ar a gcumas a n-obair chúrsa a fhormáidiú agus a chur i láthair agus an struchtúr a soláthraíodh á leanúint acu.
- D'éirigh leis na hiarrthóirí a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur in iúl agus iad ag fanacht taobh istigh de pharaiméadair líon na bhfocal agus líon na n-íomhánna.
- Chuir iarrthóirí turgnamh amháin ar a laghad a thaispeáin bailiú agus próiseáil sonraí príomhúla san áireamh.
- D'úsáid iarrthóirí sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon ina gcuid tuairiscí. Cé nach gá an dá fhoirm sonraí sin a úsáid, nuair a úsáideadh an dá cheann chiallaigh sé go raibh bunús saibhir fianaise bailithe ag iarrthóirí dá gcuid anailíse agus dá gcuid conclúidí.
- De bhrí gur chuir siad fótagraif agus léaráidí ábhartha a léirigh gnéithe dá n-imscrúdú san áireamh cuireadh leis an tuiscint ar obair na n-iarrthóirí agus le hinléiteacht na hoibre.
- Chuir iarrthóirí na sonraí a bhí bailithe acu agus an anailís ar a gcuid oibre i láthair go soiléir agus táblaí agus graif á n-úsáid acu.
- Rinne iarrthóirí iarracht a n-imscrúdú a nascadh le taighde cúlra agus d'úsáid formhór na n-iarrthóirí taighde ó fhoinsí bailí. Rinne mórán iarrthóirí iarracht mhaith hipitéis bhailí a thabhairt.
- Rinne formhór na n-iarrthóirí iarracht liosta tagairtí a sholáthar. D'úsáid mionlach de na hiarrthóirí córas tagartha *Harvard* nó ceann cosúil leis agus sholáthair siad tagairtí a bhí ar ardchaighdeán.
- I roinn an *phróisis imscrúdaithe*, mhínigh iarrthóirí an modh/na modhanna a úsáideadh go maith, lena n-áirítear roinnt ag a raibh smaointe nuálacha. Bhí tuairiscí iarrthóirí a lean an modh eolaíoch agus ar bhain céimeanna loighciúla maidir le dul chun cinn leo ar chaighdeán níos airde. Shainaithin mórán iarrthóirí na hathróga a bhí á n-imscrúdú acu go soiléir.
- Bhí caighdeán thionscadail na n-iarrthóirí níos saibhre áit a raibh fianaise ar thaithí theagmhálach i réimse de shuíomhanna imscrúdaithe, lena n-áirítear allamuigh agus/nó i suíomhanna bunaithe sa ghairdín agus/nó i suíomhanna bunaithe ar fheirm agus/nó sa saotharlann.
- Rinne iarrthóirí iarracht mhaith maidir leis an réamhrá agus leis an taighde cúlra, a chuimsigh céimeanna éagsúla éifeachtachta, agus a n-obair thaighde á nascadh acu le téama na hinbhuanaitheachta.
- Chuir an socrú a bhain le COVID lena ceadaíodh úsáid a bhaint as sonraí tánaisteacha áit a mbeadh sonraí príomhúla de dhíth go hiondúil deis ar fáil do roinnt daltaí a n-obair chúrsa a chur i gcrích nuair nach raibh aon rochtain acu ar na háiseanna a theastaigh dá gcuid oibre.

## Comhairle maidir le dul i ngleic leis an obair chúrsa

Cuideoidh an chomhairle seo a leanas lena chinntiú go léireoidh iarrthóirí a leibhéil ghnóthachtála chomh maith agus is féidir nuair a bheidh a n-obair chúrsa á cur i gcrích agus á tuairisciú acu.

- Cé go ndearna formhór na n-iarrthóirí iarracht tagairtí a chur lena gcuid foinsí, ní raibh úsáid luanna inlíne soiléir i gcónaí agus d'fhéadfaí é sin a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart go n-úsáidfí iarrthóirí struchtúr agus stíl oiriúnach agus a gcuid tagairtí á dtaifeadadh acu.
- Teastaíonn níos mó taithí ar mhodhanna taighde agus ar thiomsú taighde ó iarrthóirí agus cuideoidh sé sin leo agus a n-obair chúrsa á cur i gcrích acu. Ba cheart go seachnóidís ábhar seachtrach “a chóipeáil agus a ghreamú” isteach i ranna thuairisc an IIS. Ba cheart go dtaispeánfaidís – trína dtéacs féin – tuiscint ar aon ábhar a luann siad agus an tábhacht a bhaineann leis.
- Is gá d'iarrthóirí nasc(anna) níos mó a dhéanamh idir a n-imscrúdú féin agus an taighde cúlra a rinne siad. Ba cheart go mbeadh aon ábhar seachtrach a luaitear nó a ndéantar tagairt dó sách comhtháite le nasc/naisc le staidéar na n-iarrthóirí agus leis an téama sonraithe a tugadh sa choimre eolais.
- Nuair atá a hipitéis á ceapadh acu, ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil sí ag teacht lena dtaighde cúlra agus le mionsonraí a n-imscrúdaithe.
- Ba cheart d'iarrthóirí teidil, lipéid, fotheidil etc, de réir mar is cuí, a chur san áireamh sna táblaí agus sna graif a úsáidtear agus na sonraí agus an t-eolas á gcur i láthair.
- Ba cheart d'iarrthóirí an bealach is fearr lena gcuid sonraí a léiriú a bhreithniú. Ba cheart dóibh an cineál graif, tábla, nó an cineál léirithe is fearr a oireann do na sonraí is mian leo a thaispeáint a roghnú. Ba cheart go seachnófaí aon mhacasamhlú ar eolas den chineál céanna i bhformáidí iomadúla. Tá léiriú amháin a roghnaítear go cúramach (nó péire b'fhéidir – ceann i bhfoirm tábla agus an ceann eile i bhfoirm graif) i bhfad níos éifeachtaí.
- I gcás go bhfuil foinse thánaisteach sonraí á húsáid ag iarrthóirí, ní mór dóibh foinse na sonraí a lua ina dtuairisc.
- Is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chonclúidí agus ar phlé na n-iarrthóirí. Ba cheart go gcuirfeadh an anailís agus an léirmhíniú ar a gcuid sonraí bonn eolais fúthu. Ba cheart an t-eolas sin a úsáid mar bhonn cirt leis an argóint/na hargóintí ar son nó in aghaidh na hipitéise a sonraíodh.
- Dhírigh mórán iarrthóirí ar réimse cúng ina gcuid machnaimh agus ní dhearna siad trácht ach amháin ar mhodh(anna) malartacha a d'fhéadfaí a úsáid san imscrúdú. Chun forbairt níos fearr a dhéanamh ar an roinn sin, ba cheart d'iarrthóirí tagairt siar don imscrúdú a rinneadh agus breithniú a dhéanamh ar earráidí, mionathruithe, an méid a fhoghlaimíodh, an iontaofacht, agus a gcuid machnaimh orthu sin á nascadh ar ais acu leis an téama agus leis an hipitéis.

- I gcás go ndéantar ceann de na gníomhaíochtaí praiticiúla sonraithe sa tsonraíocht don Eolaíocht Talmhaíochta a úsáid mar bhonn leis an IIS, ní mór í a fhorbairt agus í a nascadh leis an téama mar a tugadh sa choimre eolais. Ba cheart dúbláil ar ghníomhaíochtaí praiticiúla a rinneadh cheana féin a sheachaint.
- Chun an gníomh atá ag teastáil a thuiscint go hiomlán, ba cheart iniúchadh a dhéanamh sa rang ar thuiscint na ndaltaí ar na briathra gnímh éagsúla a úsáidtear sa choimre eolais agus sa leabhrán tuairiscithe, e.g. measúnaigh, anailísigh, cuir in iúl, shainaithin, etc.
- Chun tacú le tuiscint na n-iarrthóirí ar úsáid sonraí tánaisteacha, d'fhéadfaí réimse foinsí do shonraí tánaisteacha a chur san áireamh san fhoghlaim sa seomra ranga. Cabhróidh sé sin le cleachtadh a thabhairt d'iarrthóirí ar a n-úsáid agus ar an mbealach ar cheart iad a léirmhíniú, a thuiscint agus a anailísiú.
- Ba cheart go gcinnteodh iarrthóirí go bhfuil aon ríomhanna a chuirtear i láthair soiléir agus go sanntar an t-aonad ceart do na cainníochtaí uimhriúla (más infheidhme).
- Chun tacú le cineál praiticiúil an IIS, nuair atá gníomhaíochtaí praiticiúla sonraithe á gcur i gcrích ag iarrthóirí, ba cheart dóibh an deis a thapú chun cleachtadh a dhéanamh ar hipitéisí a fhorbairt, athróga neamhspleácha agus spleácha a shainaithint, agus réimsí ina dteastaíonn cruinneas agus beachtas san imscrúdú a shainaithint.
- Ba cheart d'iarrthóirí tuairisc chríochnaithe an IIS a phrofáil go cúramach sula gcuirfeadh isteach í.

## Ríomheolaíocht – Tionscadal ar an Obair Chúrsa

Is fiú 30%, nó 90 marc de na marcanna iomlána do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta an Tionscadal don Obair Chúrsa i Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá gné na hoibre cúrsa bunaithe ar Shnáithe 3, An Ríomheolaíocht i gCleachtas, de shonraíocht an ábhair. Le linn an dá bhliain staidéir cuireann daltaí ceithre cinn de ghníomhaíochtaí grúpa, ar a dtugtar Tascanna Foghlama Feidhmí, i gcrích, agus tá an obair chúrsa bunaithe ar líon ar bith nó ar aon mheascán de Thorthaí Foghlama na dTascanna Foghlama Feidhmí sin.

In 2021, tugadh coicís sa bhreis d'iarrthóirí chun an obair chúrsa a chur i gcrích agus cuireadh in iúl dóibh freisin cé acu de na ceithre cinn de Thascanna Foghlama Feidhmí a mbunófaí an obair chúrsa air. Ina theannta sin, laghdaíodh líon na ngnéithe a mbeifí ag súil leo i ndéantán na hoibre cúrsa. Beidh na socruithe céanna sin a bhí i bhfeidhm in 2021 i bhfeidhm freisin in 2022.

Le linn gnáthbhliana, déanfar an choimre eolais a scaoileadh ar an gcéad lá ar ais i ndiaidh bhriseadh na Nollag sa bhliain deiridh den chúrsa staidéir, ach in 2022 déanfar an choimre eolais a scaoileadh ar an gCéadaoin an 8 Nollaig 2021, agus beidh an Mháirt an 22 Márta mar dháta críochnaithe.

### Roinnt dea-chleachtais a breathnaíodh

Breathnaíodh na dea-chleachtais seo a leanas agus iad á gcleachtadh ar leibhéal mhinicíochta éagsúla san obair chúrsa a chuir iarrthóirí isteach do scrúduithe 2021. Nuair ab ann dóibh, chuidigh siad le hiarrthóirí marcanna maithe a bhaint amach.

- Léirigh roinnt tionscadal ardleibhéal nuálaíochta, dearadh machnamhach agus feidhmiú teicniúil a bhí sciliúil.
- Bhí roinnt de na tionscadail, cé gur fhéach siad réasúnta simplí, deartha go han-mhaith agus bhí tuairisc ag gabháil leo a léirigh go soiléir an próiseas ar thug an t-iarrthóir faoi.
- Bhí sé de chlaonadh ag iarrthóirí a rinne taighde mionsonraithe ar an gcoimre eolais agus ar na réitigh theicniúla a bhí ann cheana féin cur chuige dearaidh níos soiléire a bheith acu ina ndéantán féin.
- Rinne roinnt iarrthóirí cur síos ar bhealach an-éifeachtach ar fhadhbanna a tharla agus an tionscadal á fhorbairt agus mhínigh siad an bealach ar sáraíodh na fadhbanna sin.
- Bhí mórán samplaí ann d'úsáid nuálach teicneolaíochtaí, lena n-áirítear úsáid braiteoirí, úsáid comharthaí raidió, agus stóráil sonraí i mbunachair sonraí coibhneasta.
- Léirigh roinnt iarrthóirí go raibh eolas acu ar dhearadh uilíoch agus ar theicneolaíocht oiriúnaitheach chun déantán níos cuimsithí a fhorbairt.

## Comhairle maidir le dul i ngleic leis an obair chúrsa

Cuideoidh an chomhairle seo a leanas lena chinntiú go léireoidh iarrthóirí a leibhéal ghnóthachtála chomh maith agus is féidir nuair a bheidh a n-obair chúrsa á cur i gcrích agus á tuairisciú acu.

- Ba cheart d'iarrthóirí an físeán a úsáid chun an bealach ar bhain siad amach gach ceann de riachtanais an tionscadail a léiriú.
- Ba cheart gach tionscadal a sheiceáil ionas gur féidir é a oscailt ar ghléas eile i ndiaidh é a zipeáil. Bhí mórán tionscadal a bhí neamh-inrochtana go páirteach nó a raibh físeáin nó íomhánna dá gcuid i seirbhís néalríomhaireachta agus nárbh fhéidir rochtain a fháil orthu.
- Ba cheart go ndéanfaidh iarrthóirí tagairt do choimre eolais an tionscadail ar fud dhearadh agus fheidhmiú a dtionscadail. Cinnteoidh sé sin go bhfuil na riachtanais atá leagtha amach sa choimre eolais á gcomhlíonadh ag an déantán.
- Ba cheart an tuairisc a leagan amach san fhormaid a bhfuil cur síos uirthi sa choimre eolais. Má dhéantar sin, bíonn sé níos éasca ar an scrúdaitheoir a chinntiú go bhfuil na marcanna atá tuillte aige/aici á bhfáil ag an iarrthóir.
- Tá sé tábhachtach tuilleadh sonraí a thabhairt maidir le céim an dearaidh den tionscadal agus nithe amhail ransú smaointe, sreabhchairteacha, súdachód, léaráidí ailtireachta, etc a chur san áireamh.
- Cé nach riachtanas é, agus nach rud é ba cheart a chur isteach leis an tionscadal, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach d'iarrthóirí dialann nó cín lae den phróiseas go léir a choinneáil, mar go gcuideoidh sé sin leo agus a dtuairisc á cur le chéile acu.
- Is gá d'iarrthóirí a bheith soiléir faoin tástáil a rinne siad ar a dtionscadal. Ba cheart go mbeadh an cineál tástála a rinneadh, roinnt cásanna tástála samplacha, agus gníomhartha a tharla mar thoradh ar an tástáil san áireamh ansin.
- Is modh éifeachtach iad íomhánna chun an obair a rinneadh agus an déantán á fhorbairt a léiriú. D'fhéadfadh sceitsí dearaidh, sreabhchairteacha, léaráidí ailtireachta córais, súdachód, cód, algartaim, etc a bheith san áireamh anseo.
- Tá sé go hiomlán inghlactha go n-athróidh dearadh an déantáin nó go ndéanfaí é a shimpliú le linn an phróisis. Gnéithe tábhachtacha den dearadh is ea na riachtanais agus na hamlínte a chomhlíonadh, agus gan a bheith ró-uaimhianach i gcomhthéacs na srianta sin.
- Tá réiteach fadhbanna mar dhlúthchuid den ríomheolaíocht. Moltar d'iarrthóirí cur síos a dhéanamh ar fhadhbanna ar bith a tharlaíonn agus an tionscadal á dhearadh nó á chur i bhfeidhm agus an bealach ar réitíodh na fadhbanna sin a mhíniú.
- I gcás gur oiriúnaigh iarrthóirí cód nach é a gcód féin é, ba cheart tagairt a dhéanamh don chód bunaidh sna nótaí tráchta agus sa tuairisc.



## Eacnamaíocht – Tuairisc ar an Staidéar Taighde

Tugadh isteach sonraíocht nua d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2019 agus rinneadh í a scrúdú den chéad uair in 2021. Tá dhá ghné sa mheasúnú: (1) scrúdú scríofa deiridh, agus (2) Staidéar Taighde. Bronntar 100 marc don Staidéar Taighde, arb ionann é agus 20% de na marcanna foriomlána d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Baineann an choimre eolais, chomh maith lena téama agus na topaicí a ghabhann léi, leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal agus déantar an t-idirdhealú ag pointe an mheasúnaithe. Tá scéim mharcála ar leith ann don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal. Déanann an leibhéal ag a ndearna an t-iarrthóir an scrúdú scríofa an scéim a chuirtear i bhfeidhm a chinneadh.

Eisíodh an choimre eolais chuig scoileanna ag tús mhí Mheán Fómhair 2020. Sholáthair CSS leabhrán digiteach in-íoslódáilte don obair chúrsa chun an Tuairisc ar an Staidéar Taighde a chur i gcrích agus a chur isteach. Bhí an tuairisc le bheith curtha i gcrích ar an lá deiridh scoile, sa chéad téarma den séú bliain. Bhí sé i gceist go gcuirfí an leabhrán digiteach isteach trí thairseach scoile CSS. Mar sin féin, mar gheall ar phaindéim COVID-19, cinneadh go gcuirfeadh scoileanna cóip chlóite de thuairisc na n-iarrthóirí isteach leis an scrúdpháipéar scríofa i mí an Mheithimh 2021.

Tá an choimre eolais don obair chúrsa, agus an leabhrán digiteach d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta 2022, ar fáil faoi láthair ar shuíomh gréasáin CSS ag [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Is é an 22 Nollaig 2021 an dáta críochnaithe don Tuairisc ar an Staidéar Taighde. Tá sé beartaithe go gcuirfeadh an tuairisc dhigiteach ar aghaidh chuig CSS agus úsáid á baint as tairseach na scoile. Eiseofar tuilleadh sonraí in am trátha.

### Roinnt dea-chleachtais a breathnaíodh

Breathnaíodh na dea-chleachtais seo a leanas agus iad á gcleachtadh ar leibhéal mhinicíochta éagsúla san obair chúrsa a chuir iarrthóirí isteach do scrúduithe 2021. Nuair ab ann dóibh, chuidigh siad le hiarrthóirí marcanna maithe a bhaint amach.

- Go hiondúil, cuireadh na tuairiscí taighde i láthair go maith agus lean siad an t-ábhar táscach, an líon focal agus an struchtúr mar a bhí léirithe sna doiciméid a bhain leis an tuairisc taighde.
- Bhí cuid mhór úrnuachta agus nuálaíochta le feiceáil i bhformhór na dtuairiscí agus bhí sé soiléir go ndearna iarrthóirí taighde ar a línte fiosrúcháin. Bhí na línte fiosrúcháin ar leith éagsúil, ábhartha agus cothrom le dáta.
- Go hiondúil, bronnadh marcanna níos airde ar na hiarrthóirí a dhírigh a líne fiosrúcháin ar leith ar réimse uathúil, discrídeach amháin. De bharr go raibh a gcuid taighde fócasaithe bhí sé níos éasca ar iarrthóirí aidhmeanna soiléire agus sonracha a d'fhéadfaí a bhaint amach a bheith acu. Chuir sé struchtúr agus fócas ar fáil don phróiseas taighde agus dá réir sin d'éascaigh sé iarrthóirí chun teacht ar chonclúidí a bhí bailí agus ábhartha.
- Rinneadh teoiricí agus coincheapa ábhartha a nascadh go cuí leis an líne fiosrúcháin ar leith a bhí ag an iarrthóir.

- Bhí na sonraí a úsáideadh bailí, agus infheidhme maidir leis an líne fiosrúcháin agus chlúdaigh siad réimse d'fhoinsí éagsúla a bhí ábhartha agus cothrom le dáta.
- Den chuid is mó, d'úsáid iarrthóirí sonraí cáilíochtúla agus sonraí cainníochtúla de réir mar ba ghá agus faoi mar a bhí leagtha amach i roinn an ábhair tháscaigh de choimre eolais taighde an dalta.
- I bhformhór mór na gcásanna, bhí an cáilíocht a bhain leis an gcur i láthair ar ardchaighdeán agus d'úsáid iarrthóirí réimse de chineálacha cur i láthair, lena n-áirítear graif, cuair, agus táblaí a cuireadh i láthair go soiléir agus lipéid chruinne agus chúí orthu.
- I roinnt cásanna, i roinn na conclúide, cuireadh líne fiosrúcháin nua i gcomhair taighde breise i láthair, a tháinig chun cinn mar thoradh ar an anailís a rinneadh ar an taighde. Léirigh sé sin rannpháirtíocht chuimsitheach an iarrthóra lena t(h)orthaí taighde.
- Bhí rannpháirtíocht na n-iarrthóirí leis an gcoimre eolais soiléir tríd an réimse de thagairtí cuí agus de shonraí ábhartha, as ar eascair tuairisc níos cuimsithí.
- Go hiondúil, chuir iarrthóirí leabharliostaí achomair i láthair a raibh tagairtí cearta tugtha dóibh.

### Comhairle maidir le dul i ngleic leis an obair chúrsa

Cuideoidh an chomhairle seo a leanas lena chinntiú go léireoidh iarrthóirí a leibhéal ghnóthachtála go hiomlán nuair a bheidh a n-obair chúrsa á cur i gcrích agus á tuairisciú acu.

- Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil a gcuid taighde bunaithe ar líne fiosrúcháin atá soiléir agus fócasaithe agus a sholáthraíonn deiseanna chun anailís chuimsitheach a dhéanamh, argóintí agus breithiúnais a fhorbairt, measúnú a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí. Cuideoidh sé sin freisin le hiarrthóirí chun struchtúr a choinneáil ar a dtuairisc.
- Ba cheart d'iarrthóirí aidhmeanna na líne fiosrúcháin ar leith a leagan amach go soiléir, an bealach a mbainfear amach na haidhmeanna sin, agus cad air a bhfuil sé ar intinn acu taighde a dhéanamh. D'fhéadfadh úsáid pointí urchair cabhrú le struchtúr, le fócas agus le soiléireacht.
- Ba cheart smaoineamh ar cheist a chruthú as an líne fiosrúcháin. Ba cheart a bheith cúramach nach gcuirtear an chonclúid i láthair sa réamhrá. Má dhéantar ceist den líne fiosrúcháin, cuidíonn sé le fócas, struchtúr agus comhleanúnachas a choinneáil síos tríd an tuairisc.
- Is gá gur anailís dhomhain a bheadh san anailís. Is gá go mbeadh níos mó ná achoimre nó léirmhíniú i gceist le torthaí taighde a thuairisciú. Tá measúnú criticiúil ar shonraí ag teastáil ionas gur féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh nó breithiúnas a thabhairt ina dhiaidh sin.

- D'fhéadfadh úsáid ceisteanna leide tacú leis an bpróiseas taighde agus cuidiú le hiarrthóirí chun fócas, struchtúr agus comhleanúnachas a choinneáil agus a bhfreagra á gceapadh acu.
- Ba cheart breithiúnais nó argóintí a chur i láthair sa phróiseas taighde. I dtaca leis sin, d'fhéadfadh iarrthóirí argóint nó breithiúnas malartach a cheistiú freisin, agus pé acu an aontaíonn siad nó nach n-aontaíonn siad leis sin agus an fáth a lua.
- Cinntigh go bhfuil lipéid shoiléire ar na táblaí, na graif agus na cuair go léir agus go bhfuil tagairtí cearta tugtha dóibh. Ba cheart sonraí a chur i láthair go soiléir ionas go bhfuil siad inléite agus soléite, go háirithe sonraí ina bhfuil figiúirí – is fearr an cháilíocht ná an chainníocht.
- Ba cheart teacht ar chonclúidí agus tagairt á déanamh sa réamhrá do na haidhmeanna atá beartaithe. Tagair do gach ceann de na haidhmeanna atá beartaithe ar bhonn aonair. D'fhéadfadh úsáid pointí urchair a bheith fóinteach. Más rud é, ag an tús, go bhfuil struchtúr, fócas agus soiléireacht in easnamh ar na haidhmeanna atá beartaithe, bíonn tionchar diúltach aige sin ar an gconclúid. Cinntigh gur cruthaíodh na pointí go léir sa chonclúid le linn an phróisis taighde.
- Ba cheart go mbeadh na moltaí bunaithe ar na torthaí ón taighde. Ba cheart tionchar na moltaí a mheas, – mar shampla, an bhféadfadh deischoistas a bheith i gceist? An bhfuil impleachtaí eile ag baint leis na moltaí?
- Ba cheart go gcinnteodh iarrthóirí go ndéanfaidís machnamh chriticiúil ar an eolas nua a gnóthaíodh, an bealach ar athraigh nó ar fhorbair a smaointeoireacht, a n-iompar nó a dtuairimí ó thús an phróisis, agus an tábhacht a bhaineann leis sin.

## Corpoideachas – Tionscadal Gníomhaíochta Coirp

Tugadh isteach sonraíocht nua do Chorroideachas na hArdteistiméireachta ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018 agus scrúdaíodh í den chéad uair in 2020. Baineann trí ghné le measúnú an Chorroideachais – (1) scrúdú scríofa, a bhfuil 50% de na marcanna ag gabháil leis (2) Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a bhfuil 20% de na marcanna ag gabháil leis agus (3) Measúnú Feidhmíochta a bhfuil an 30% deiridh de na marcanna atá ar fáil don ábhar seo ag gabháil leis.

In 2021, ní dhearnadh measúnú ar chomhpháirt an Mheasúnaithe Feidhmíochta. Athdháileadh an sciar de na marcanna a dháiltear de ghnáth ar chomhpháirt an mheasúnaithe feidhmíochta ar chomhpháirt an Tionscadail Gníomhaíochta Coirp. Mar thoradh air sin, bhí 50% de na marcanna ag gabháil leis an gcomhpháirt sin in 2021.

Ní mór d'iarrthóirí Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ar ghníomhaíocht choirp a roghnaíonn siad. Is í an amlíne chun an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ná ó ocht go deich seachtaine, idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag i mbliain acadúil na hArdteistiméireachta. Eisíonn CSS treoir do scoileanna, lena n-áirítear an spriocdháta chun é a chur i gcrích, agus an Leabhrán Digiteach don Obair Chúrsa ag deireadh mhí Mheán Fómhair i mbliain na hArdteistiméireachta. Ní mór an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích sa leabhrán digiteach don obair chúrsa a d'eisigh CSS agus ní mór go gcloífeadh sé leis na teoracha d'iarrthóirí atá istigh sa leabhrán. Cuirtear na Tionscadail Gníomhaíochta Coirp ar aghaidh chuig CSS agus úsáid á baint as an tairseach scoileanna ar líne.

### Roinnt dea-chleachtais a breathnaíodh

Breathnaíodh na dea-chleachtais seo a leanas agus iad á gcleachtadh ar leibhéal mhinicíochta éagsúla san obair chúrsa a chuir iarrthóirí isteach do scrúduithe 2021. Nuair ab ann dóibh, chuidigh siad le hiarrthóirí marcanna maithe a bhaint amach.

- Rinneadh domhainanailís feidhmíochta ar an ngníomhaíocht choirp ina hiomláine i Roinn A den tionscadal. Rinne iarrthóirí na príomhthosca a théann i gcion ar fheidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a mheas agus a chosaint go soiléir agus go follasach, agus d'úsáid siad réimse leathan uirlisí um anailís feidhmíochta i gceart chun na tosca sin a thástáil.
- Baineadh úsáid rathúil agus ábhartha as uirlisí físeáin agus bogearraí chun anailís bhithmheicniúil agus/nó anailís ar scileanna agus ar theicnící a dhéanamh, rud a chuir go dearfach leis an tionscadal.
- Sholáthair iarrthóirí cur i láthair soiléir ar shonraí feidhmíochta i gcomparáid le scóir normatacha agus sonraí tuairisciúla.
- Bhí na spriocanna feidhmíochta sainithe go soiléir, leithleach, dúshlánach agus réalaióch. D'úsáid roinnt iarrthóirí prionsabal SMART i dtaca le socrú spriocanna feidhmíochta, nuair a tharla sé sin, bhí na spriocanna sainithe go soiléir, dúshlánach, réalaióch agus cuí.
- Bhí na cláir oiliúna/chleachtaidh a cuireadh i láthair, mionsonraithe, cruinn agus bainteach leis an sprioc feidhmíochta a sainithníodh. Chuimsigh an clár réimse leathan de straitéisí ábhartha a bhí bunaithe ar phrionsabail theoriciúla iontaofa.

- Rinneadh coigeartuithe ábhartha ar na cláir oiliúna/chleachtaidh le linn an fheidhmithe.
- I Roinn C, chuir iarrthóirí anailís chuimsitheach ar fheidhmíocht i ndiaidh traenála/cleachtaidh san áireamh, agus rinne siad naisc idir torthaí tástála réamhthraenála, noirm agus gnéithe idirghaolmhara den fheidhmíocht.
- Sholáthair iarrthóirí fianaise mhionsonraithe maidir le rannpháirtíocht leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp, cuireadh píosaí físeáin agus íomhánna i láthair a bhain go soiléir agus go follasach leis an bpointe/na pointí a raibh an t-ábhar ceaptha tacú leis/leo. Bailíodh na píosaí físeáin thar thréimhse ama.
- Chuir iarrthóirí aguisíní a raibh lipéid shoiléire orthu i láthair, a raibh tagairtí cuí dóibh agus iad á bplé (fíor 1, fíor 2 etc), agus cuireadh liosta cuimsitheach foinsí i láthair sa leabharliosta.

### Comhairle maidir le dul i ngleic leis an obair chúrsa

Cuideoidh an chomhairle seo a leanas lena chinntiú go léireoidh iarrthóirí a leibhéal ghnóthachtála chomh maith agus is féidir nuair a bheidh a n-obair chúrsa á cur i gcrích agus á tuairisciú acu.

- Sula dtosaítear ag déanamh staidéir ar shonraíocht Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, agus mar chabhair agus mar threoir chun gníomhaíocht choirp atá oiriúnach agus inghlactha a roghnú chun an tionscadal a chur i gcrích, ba cheart na doiciméid ábhartha go léir a léamh agus cloí go docht leis an treoir. San áireamh ansin tá an tsonraíocht, treoirlínte measúnaithe agus na doiciméid go léir a d’eisigh CSS maidir leis an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.
- Caithfidh iarrthóirí staidéar a dhéanamh ar thrí cinn de ghníomhaíochtaí coirp, ní mór go dtiocfadh gach ceann de na trí cinn de ghníomhaíochtaí coirp as réimse éagsúil de ghníomhaíocht choirp. Tá na sé cinn de réimsí gníomhaíochta coirp leagtha amach ar leathanach 12 de shonraíocht an ábhair.
- Ba cheart an Measúnú Feidhmíochta a chur i gcrích i gceann amháin de na trí cinn de ghníomhaíochtaí coirp a roghnaíodh.
- Is féidir an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ar ghníomhaíocht choirp as ceann amháin de na cúig cinn eile de ghníomhaíochtaí coirp atá liostaithe ar leathanach 12 den tsonraíocht. Mar mhalairt air sin, is féidir an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ar ghníomhaíocht choirp taobh amuigh den scoil. Sa chás sin, go fóill féin ní fhéadfaidh an ghníomhaíocht choirp a roghnaítear don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp teacht as an réimse gníomhaíochta coirp céanna leis an ngníomhaíocht choirp a roghnaítear don Mheasúnú Feidhmíochta. Ina theannta sin, ní mór go gcloífeadh aon ghníomhaíocht choirp a roghnaítear don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp agus nach bhfuil liostaithe ar leathanach 12 den tsonraíocht leis na riachtanais atá leagtha amach ar leathanach 5 de na Treoirlínte Measúnaithe don Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.

Mar shampla, má tá an rang i mbun staidéir ar an sacar, ar an léim fhada agus ar

bhuillí snámha agus go bhfuil sé beartaithe ag an iarrthóir a M(h)easúnú Feidhmíochta a chur i gcrích sa sacar, ní fhéadfaidh an t-iarrthóir a T(h)ionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ar ghalf mar go bhfuil an dá cheann acu sa réimse gníomhaíochta coirp a bhaineann le cluichí. Ar an dóigh chéanna, má tá sé beartaithe ag iarrthóir sa rang céanna a M(h)easúnú Feidhmíochta a chur i gcrích sa léim fhada, ní féidir leis an iarrthóir sin a T(h)ionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích sa léim chuaille mar go bhfuil an dá cheann acu sa réimse gníomhaíochta coirp a bhaineann le lúthchleasaíocht.

- Ba cheart go mbeadh an anailís feidhmíochta soiléir, gonta agus go gclúdódh sí réimse de phrionsabail theoiriciúla a bhaineann le feidhmíocht sa ghníomhaíocht choirp a roghnaíodh.
- Ba cheart úsáid a bhaint as réimse cuí d'uirlisí anailíse nuair atá an anailís feidhmíochta á déanamh. Cé nach gceadaítear colláisi físeáin agus íomhánna a úsáid, ceadaítear comparáidí dhá íomhá ar scáileán roinnte a úsáid sa dá agusín (pictiúir) agus físeáin (gearrthóg físe), i gcás go bhfuil siad á n-úsáid mar uirlis anailíse chun comparáid a dhéanamh idir gnéithe den scil agus den teicníc agus/nó le haghaidh anailís bhithmheicniúil.
- Ba cheart go mbeadh na spriocanna feidhmíochta dúshlánach, réalaióch agus bunaithe ar thorthaí na hanailíse feidhmíochta a rinneadh.
- Ba cheart go mbeadh an réasúnaíocht a thugtar le haghaidh spriocanna feidhmíochta bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa agus go mbeidís nasctha leis an anailís feidhmíochta.
- Ba cheart go mbeadh na cláir thraenála/chleachtaidh go léir a fhorbraítear chun gnéithe sonracha den fheidhmíocht a fheabhsú bunaithe ar phrionsabail theoiriciúla iontaofa. Ba cheart go mbeadh na cláir a fhorbraítear mar léiriú ar thorthaí na hanailíse feidhmíochta agus ar an sprioc feidhmíochta ar a bhfuil sé bunaithe.
  - Nuair atá sceidil chleachtaidh á bhforbairt do spriocanna atá bunaithe ar ullmhúchán síceolaíoch / ar ghnéithe síceolaíocha den fheidhmíocht, ba cheart d'iarrthóirí breithniú a dhéanamh ar straitéisí ábhartha agus iontaofa chun ullmhúchán síceolaíoch i gcomhair feidhmíochta a fheabhsú.
  - Nuair atá plean á fhorbairt chun feidhmíocht a fheabhsú bunaithe ar spriocanna sa réimse a bhaineann le réim bhia agus cothú, ba cheart go ndéanfaí breithniú ar na príomhghnéithe a bhaineann le cothú agus ar straitéisí iontaofa chun réim bhia/cothú a fheabhsú do phríomhphointe amháin ar a laghad san ullmhúchán cothaithe (roimh an bhfeidhmíocht, lena linn nó ina diaidh).
  - Nuair atá sceidil chleachtaidh á bhforbairt do spriocanna bunaithe ar scil agus teicníc a fheabhsú, ba cheart d'iarrthóirí breithniú a dhéanamh ar na prionsabail a bhaineann le cleachtadh éifeachtach, cineálacha éagsúla cleachtaidh agus modhanna cleachtaidh atá oiriúnach.

- Nuair atá cláir thraenála á bhforbairt timpeall ar chomhphárteanna na modhanna traenála corpacmhainne, ba cheart breithniú a dhéanamh ar phrionsabail traenála agus ar thréimhsí na bliana traenála.
- Ba cheart iarrthóirí a spreagadh le bheith páirteach in athmhachnamh criticiúil go rialta le linn dá gclár traenála/cleachtaidh á bheith á fheidhmiú agus an t-athmhachnamh sin a chur i láthair i Roinn B den Tionscadal Gníomhaíochta Coirp.
- Is é atá i Roinn C ná críoch an tionscadal agus ba cheart go mbeadh tagairt inti do gach ceann de na trí réimse a sainaitníodh ar leathanach 6 den leabhrán digiteach don obair chúrsa.
- Ba cheart go mbeadh na tionscadail ó ionad ar leith ilchineálach agus éagsúil.
- Tugtar treoracha maidir le líon na bhfocal, líon na leathanach agus úsáid íomhána agus físchomhad sa leabhrán digiteach don obair chúrsa. Mura ndéanfar na riachtanais sin a chomhlíonadh gearrfar pionóis ar obair an iarrthóra.
- Ní leor an Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a chur i gcrích ar chleachtadh nó ar scil shonrach amháin. Mar shampla, ní leor Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a dhéanamh ar an Tréan-Ardú Glan sa chleachtadh um thraenáil meáchan, ná ní leor Tionscadal Gníomhaíochta Coirp a dhéanamh ar thógáil na bpoc saor san iománaíocht.
- Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú gurb é an duine atá ag déanamh na ghníomhaíochta a chuireann an neart/an iarracht/an fórsa ar fáil sa ghníomhaíocht choirp a roghnaítear. Cinntíonn sé sin go bhfuil an anailís bhithmheicniúil agus an anailís ar scil/theicníc bunaithe ar an anailís ar ghluaiseacht a chuir an duine a rinne an ghníomhaíocht i gcrích. Ceadaíonn sé freisin gnéithe feidhmíochta den sórt sin a nascadh le comhphárteanna sonracha den chorpacmhainn. Mar shampla, is féidir anailís a dhéanamh ar an bhfórsa a ghintear agus imreoir eitpheile ag léim chun liathróid a smísteadh ag úsáid uirlisí um anailís bhithmheicniúil; is féidir freisin é a nascadh le Dlíthe Gluaisne Newton agus is féidir imscrúdú a dhéanamh ar an ngaol atá idir an fórsa sin agus neart matánach, luas agus cumhacht an duine atá ag déanamh na gníomhaíochta.